# Róisín i nGaillimh

- **Léigh an ríomhphost thíos.**
- **Ansin, léigh na ráitis agus cuir ciorcal timpeall A, B nó C i ngach cás.**
- **Ar dtús, an cuimhin leat an foclóir seo sa chiorcal? Cuir gach focal in abairt, ó bhéal.**

| | |
|---|---|
| deireadh seachtaine | otharlann |
| buíochas le Dia | teach mór |
| seomra codlata | linn snámha |
| ag súil le páiste | bialann Fhrancach |

Hi a Mháire,

An raibh deireadh seachtaine deas agat? Tá mé féin agus triúr de na páistí anseo i dteach mo chara Áine i nGaillimh do na laethanta saoire. Tá gach rud go breá, ach bhí Pól san otharlann Dé Máirt. An créatúr - bhí sé ag imirt peile le páistí eile sa pháirc agus thit sé agus ghortaigh sé a chos agus a lámh. Buíochas le Dia - níor bhris sé aon rud. Chuaigh mé go dtí an dochtúir leis ar dtús agus ansin go dtí an otharlann. Tá sé níos fearr inniu.

Seachas sin, tá an t-ádh orainn go bhfuil teach mór ag Áine - tá ceithre sheomra codlata aici agus tá spás ann dúinn ar fad. Tá an aimsir go deas agus tá áiseanna maithe sa bhaile do pháistí. Tá linn snámha ann agus is maith le hAoife agus Nóirín a bheith ag snámh.

Tá Áine ag súil le páiste i gceann cúpla seachtain. Tá sí an-tuirseach faoi láthair agus mar sin, déanaimid an dinnéar di gach oíche agus téimid go dtí an bhialann áitiúil anois is arís chomh maith. Tá an bhialann Fhrancach atá anseo an-deas. Chomh maith leis sin, téimid ag siúl gach tráthnóna agus anois is arís féachaimid ar scannán ar an teilifís. Tá saol breá againn!

Tá súil agam go bhfuil tú féin, Pádraig agus na páistí go maith – beimid ar ais i mBaile Átha Cliath Dé hAoine. Ar mhaith leat dul le haghaidh caife liom Dé Sathairn?

Slán go fóill,

Róisín

1. **Cuir ciorcal timpeall A, B nó C i ngach cás.**

**1.** Tá Róisín agus na páistí ag fanacht lena deirfiúr i nGaillimh.

A Fíor B Bréagach C Ní deirtear

**2.** Ghortaigh mac Róisín é féin nuair a bhí sé ag imirt peile.

A Fíor B Bréagach C Ní deirtear

**3.** Thug athair Phóil go dtí an otharlann é.

A Fíor B Bréagach C Ní deirtear

**4.** Tá Áine ag súil le páiste.

A Fíor B Bréagach C Ní deirtear

**5.** Tá clann ag Máire.

A Fíor B Bréagach C Ní deirtear

**6.** Pádraig an t-ainm atá ar fhear céile Róisín.

A Fíor B Bréagach C Ní deirtear

**7.** Is maith le Róisín an bhialann Fhrancach ach tá sí ródhaor.

A Fíor B Bréagach C Ní deirtear

**8.** Breathnaíonn siad ar scannáin gach oíche.

A Fíor B Bréagach C Ní deirtear

**9.** Ba mhaith le Róisín casadh le Máire Dé Sathairn.

A Fíor B Bréagach C Ní deirtear

**2. Tá an abairt seo sa ríomhphost thuas:**

*Tá súil agam go bhfuil tú féin, Pádraig agus na páistí go maith.*

**Cad is brí leis an abairt seo?**

**Déan iarracht Gaeilge a chur ar na habairtí seo a leanas.**

1. I hope you are better.__________________________________________

2. I hope you are well. __________________________________________

3. I hope you are not sick.________________________________________

4. I hope you are not too bad.______________________________________